Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Topaic: Tacú le comhbhá agus inniúlacht shóisialta páistí trí idirghníomhaithe (breith – 6 bliana)

Tarraingítear aird in *Aistear* agus in *Síolta* araon ar a thábhachtaí atá sé tacú le caidrimh páistí.

Sa seisiún gairid FGL seo, foghlaimeoidh tú faoina thábhachtaí atá sé idirghníomhaithe dearfacha a chothú. Tarraingítear aird sna hacmhainní a moltar do dhaoine breathnú orthu, iad a léamh agus machnamh a dhéanamh orthu, ar an gcaoi ar féidir leat cuidiú le páistí comhbhá agus inniúlacht shóisialta a fhorbairt de réir mar a chothaíonn, spreagann agus tacaíonn tú leo i dtaca lena bhféiniúlacht aonair dhearfach féin a fhorbairt.

***Príomhnaisc***

- Téama *Aistear* maidir le Folláine agus Leas
- *Síolta* Caighdeán 5: Idirghníomhaíochtaí

Tá caidrimh chothaitheacha éigeantach chun tacú le páistí comhbhá agus inniúlacht shóisialta a fhorbairt.

| | | ✓ |
|---|---|---|
| 👁 | Breathnaigh ar an bhfíseán 4-nóiméad seo go gcluine tú Wendy Lee, Stiúrthóir Thionscadal na Ceannasaíochta Oideachasúla sa Nua-Shéalainn, agus í ag tabhairt sainmhíniú ar an gcomhbhá agus ar inniúlacht shóisialta. | |
| 👁 | Breathnaigh ar an bhfíseán 4-nóiméad seo ina labhraíonn Wendy Lee ar chumhacht an tsúgartha i dtaca le comhbhá agus inniúlacht shóisialta a fhorbairt. | |
| 👁 | Breathnaigh ar an bhfíseán 3-nóiméad seo ina labhraíonn Wendy Lee ar thábhacht na gcaidreamh i dtaca le comhbhá agus inniúlacht shóisialta a fhorbairt. | |
| | Breathnaigh ar an bhfíseán 1-nóiméad seo ina míníonn oideachasóir luathbhlianta tábhacht na n-idirghníomhuithe i ngnáthaimh laethúla cúraim. | |
| ✎ | Smaoinigh ar an gcaoi a gcruthaíonn an timpeallacht foghlama a sholáthraíonn tú féin spás do pháistí chun caidrimh a fhorbairt agus ar an gcaoi a dtacaíonn sí leis na hinniúlachtaí sóisialta agus mothúchánacha atá ag teacht chun cinn. Úsáid codanna a haon agus a dó d'uirlis féinmheastóireachta na nIdirghníomhuithe ó Cholún na nIdirghníomhuithe i dTreoir Chleachtais *Aistear Síolta* (breith – 3 agus 3 – 6) le cuidiú leat machnamh a dhéanamh. | |
| 📄 | Is ionann scéalta a phlé agus bealach iontach chun caidrimh a fhorbairt le páistí agus chun tacú leo agus iad ag foghlaim faoi mhothúcháin agus inniúlacht shóisialta. Tá roinnt samplaí sna leabharliostaí thíos de leabhair ar cuidiú iad i dtaca leis seo.<br>Liosta de leabhair mholtaí a bhféadfaí iad a léamh le babaithe<br>Liosta de leabhair mholtaí a bhféadfaí iad a léamh le lapadáin<br>Liosta de leabhair mholtaí a bhféadfaí iad a léamh le páistí óga | |

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

| | |
|---|---|
| | **Mo phríomh-mhachnaimh tar éis na hábhair thuas a fheiceáil/léamh**<br><br>**Ceisteanna le haghaidh Machnaimh:** Céard atá ag oibriú go maith duit sa réimse seo? Cé na dúshláin a raibh ort plé leo sa réimse seo? Céard a dhéanfaidh tú ar bhealach difriúil amach anseo? |
| | |
| | **Gníomh is féidir liom a ghlacadh. . .**<br><br>**Ceisteanna le haghaidh Machnaimh:** Tabhair breac-chuntas ar na hathruithe a bhfuil sé beartaithe agat iad a dhéanamh ar do chleachtas Cén chaoi a mbeidh tionchar dearfach ag na hathruithe seo ar fhoghlaim agus forbairt páistí? Smaoinigh ar na hacmhainní agus na tacaíochtaí a bheidh ag teastáil uait. Cad iad na gnéithe den obair seo ar mhaith leat tosaíocht a dhéanamh díobh agus díriú orthu sna seachtainí beaga atá romhainn? |
| | Nasc chuig an Treoir Chleachtais Teimpléad Pleanála Gníomhaíochta Aistear/Síolta |

Tá na hacmhainní thuas agus go leor leor eile ar fáil ar an suíomh gréasáin *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* ar www.aistearsiolta.ie

Go raibh maith agat as cuairt a thabhairt ar an Treoir Chleachtais agus leas a bhaint aisti.